Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12836/19**

**COHOM 112**
**DEVGEN 190**
**FREMP 141**
**CFSP/PESC 754**
**ACP 114**
**COEST 222**
**COLAC 67**
**COASI 137**
**COAFR 200**
**MAMA 155**
**MOG 87**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12699/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Daonlathas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Daonlathas, a ghlac an Chomhairle ag an 3720ú cruinniú dá cuid, ar an 14 Deireadh Fómhair 2019.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Daonlathas

1. Mairimid i ré ina bhfuil dúshlán an daonlathais á thabhairt agus ina bhfuil amhras á chaitheamh air. Cé go bhfuil an daonlathas láidir i dtíortha go leor, tá an claonadh i dtreo an údarásaíochais ag dul i méid i dtíortha eile. Is iomaí sin dúshlán ann agus ní mór dúinn cur i gcoinne na ndúshlán sin go práinneach agus go cuimsitheach. Dá dhaonlathaí an córas rialtais, is cuimsithí agus is cothroime a bheidh an tsochaí dá réir. Tá sé deich mbliana ó ghlac an Chomhairle Conclúidí maidir le Tacaíocht don Daonlathas i gCaidreamh Seachtrach an Aontais. Is mithid, mar sin, athnuachan a dhéanamh ar thiomantas an Aontais.

2. Ar cheann de na haidhmeanna atá le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, tá cur chun cinn an daonlathais, an smachta reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad. Anuas air sin, luaitear in Airteagal 21 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine gurb í toil an phobail a bheidh mar bhonn le húdarás rialtais [...] arna cur in iúl i dtoghcháin iontaofa tréimhsiúla.

3. Mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh, is ar luachanna an mheasa ar an dínit dhaonna, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an urraim do chearta an duine, atá an tAontas Eorpach fothaithe. Tá na luachanna sin idirspleách ar a chéile agus, ag an am céanna, treisíonn siad a chéile. Is den ríthábhacht i gcónaí comhsheasmhacht bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Ina theannta sin, mar a leagtar amach i Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh, is chun leas straitéiseach an Aontais atá sé tacú leis an daonlathas, le cearta an duine agus leis an smacht reatha ar bhonn seachtrach, rud a rannchuidíonn le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, tríd an méid seo a leanas:

   - an córas iltaobhach riailbhunaithe, éifeachtach, trédhearcach agus cuntasach a neartú, ar córas é a fhéachann an tAontas Eorpach gona chomhpháirtithe dáimhintinneacha lena chothú,

   - cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chumasú agus a ghéarú, go háirithe sprioc 16 maidir le hinstitiúidí cuntasacha agus cinnteoireacht chuimsitheach a mbeidh daoine rannpháirteach inti agus sprioc 10 maidir leis an éagothroime a laghdú,

- na dálaí do shíocháin agus slándáil inbhuanaithe a chruthú agus coinbhleachtaí foréigneacha a chosc tríd an rannpháirtíocht agus an chuntasacht, freagrúlacht maidir le casaoidí agus idirghabháil pholaitiúil a dhéanamh i gcás easaontuithe,

- sochaithe daonlathacha cuimsitheacha a thógáil a mbeidh teacht aniar iontu, agus a bheidh in ann deiseanna a chruthú dá bpobail agus cur chuige bunaithe ar chearta a chur chun cinn don imirce, lena rachfar i ngleic leis an easáitiú éigeantach agus lena laghdófar na tosca a bhrúnn daoine i dtreo na himirce neamhrialta.

4. Athdhaingníonn an Chomhairle na prionsabail a leagtar amach ina Conclúidí ó 2009 maidir le Tacaíocht don Daonlathas agus meabhraítear di Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2012, chomh maith leis na Pleananna Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas a tháinig ina dhiaidh sin, mar aon leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí an Aontais le deich mbliana anuas agus é ag tacú leis an daonlathas, le saoirsí bunúsacha agus leis an smacht reachta ar fud an domhain. Anuas air sin, tugann an Chomhairle dá haire a ábhartha atá a Conclúidí ón mbliain 2019 maidir le saorthoghcháin chóra a áirithiú agus a Conclúidí ón mbliain 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais leis an tsochaí shibhialta sa chaidreamh seachtrach agus maidir leis na bearta leantacha a ghabhann leo. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá déanta Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas a ullmhú don tréimhse 2020-2024. Beidh na conclúidí sin ón gComhairle ina mbonn eolais don Phlean Gníomhaíochta, de réir mar is iomchuí.

5. Ar fud na cruinne, leanann pobail dá ndúil daingean láidir a chur in iúl i ndáil le guth níos láidre agus ról níos láidre a bheith acu sna próisis chinnteoireachta. Arís agus arís eile – fud fad na cruinne móire – léirítear a bhuaine is atá an dúil sin sa daonlathas. Bíodh sin mar atá, tá dúshlán an daonlathais á thabhairt ar bhealaí nua agus níos líonmhaire.

Áirítear ar na dúshláin sin, *inter alia*:

i) **an bonn a bheith á bhaint ón bpróiseas daonlathach agus ó institiúidí** lena n-áirítear cuma an daonlathais a bheith á cur ar thír mar dhlisteanú ar réimeas uathlathach, síneadh a bheith á chur le teorainneacha téarmaí oifige, cur isteach ar na breithiúna, iolrachas na meán á laghdú, an spás dlíthiúil agus polaitiúil do pháirtithe an fhreasúra a bheith á theorannú agus trédhearcacht a bheith á laghdú ag gníomhaithe áirithe sa phróiseas daonlathach i ndáil le maoiniú feachtas polaitiúil agus feachtas aon ábhair;

ii) **leibhéil ísle iontaoibh** as institiúidí agus polaiteoirí mar gheall ar dhul i méid na héagothroime sóisialta agus eacnamaíche, an éillithe agus na neamhchuimsitheachta;

iii) **laghdú ar an spás daonlathach a thugtar don tsochaí shibhialta**, lena n-áirítear cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe ar son an daonlathais, na saormheáin neamhspleácha, idir ar líne agus as líne, trí mheán an fhoréigin, na géarleanúna agus an imeaglaithe, le reachtaíocht shriantach, teorainneacha ar chlárú agus maoiniú, agus bearta díoltais;

iv) **sáruithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha a bheith ag dul i méid;**

v) **ionramháil a bheith á déanamh ar theicneolaíochtaí ar líne**, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise, srianta agus dúnadh síos arna gcur chun cinn ag an stát, fuathchaint, teachtaireachtaí a bheith á micrea-dhíriú go neamhdhleathach ar shaoránaigh, rud atá ina shárú ar na cearta chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí, agus gan aon ghrinnscrúdú éifeachtach mar is ceart a bheith á dhéanamh ar mhaoiniú teachtaireachtaí polaitiúla. Bíodh is gur fórsa dearfach é ar an mórgóir an t-idirlíon don daonlathú, tá samhail gheilleagrach na n-ardán digiteach ag cur leis na dúshláin.

6. Tá an Chomhairle toilteanach, dá bhrí sin, leanúint d'fhreagairt choiteann phraiticiúil a fhorbairt bunaithe ar dhlúthchomhar idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit i ndáil leis na dúshláin sin. Agus é á chur san áireamh gur i gcomhthéacsanna éagsúla a tharlaíonn próisis tógála an daonlathais, déanfaidh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit treochtaí dearfacha a chur chun cinn agus cuirfidh siad i gcoinne treochtaí diúltacha, agus béim á leagan acu ar an méid seo a leanas:

a) na hiarrachtaí a dhéantar chun Clár Oibre 2030 agus, go háirithe, SDGanna 10 agus 16 a chur chun feidhme a úsáid chun an rialachas daonlathach, cearta an duine, an smacht reachta, an chuntasacht agus an chinnteoireacht chuimsitheach rannpháirtíochta a chur chun cinn agus a chothabháil ar bhealach iomlánaíoch, agus comhleanúnachas a áirithiú idir sin agus iarrachtaí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas. Is den ríthábhacht an neamhionannas a chomhrac d'fhonn an iontaoibh as an daonlathas agus as institiúidí an daonlathais a chothú an athuair.

b) Rannpháirtíocht iomlán a chur chun cinn do gach duine gan idirdhealú agus, sa chomhthéacs sin, iarrachtaí sonracha ar leith a dhéanamh chun tacú le breis rannpháirtíochta agus ionadaíochta do mhná agus do dhaoine óga agus dá leas, sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil.

c) Tacú le cumais na bparlaimintí agus, go deimhin, na bpáirtithe polaitiúla (ar bhealach neamhpháirtíneach) agus na cumais sin a neartú, ar an leibhéal náisiúnta agus fo-náisiúnta, ionas go mbeidh siad in ann an ról ríthábhachtach atá acu a chomhlíonadh sa tsochaí dhaonlathach.

d) Tacú leis an tsochaí shibhialta idirnáisiúnta agus áitiúil agus í a neartú, mar aon lena timpeallacht chumasúcháin, ina cáil mar cholún riachtanach don daonlathas iolraíoch cuimsitheach. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar thacú le cosantóirí chearta an duine agus, go háirithe, le mná ar cosantóirí chearta an duine iad.

e) Dlús a chur leis na hiarrachtaí tacú le saormheáin neamhspleácha, idir ar líne agus as líne, agus lena gcosaint, lena n-áirítear trí shábháilteacht iriseoirí a chur chun cinn agus trí thacú le timpeallacht chumasúcháin.

f) Tacú le hiarrachtaí an smacht reachta, an tsláine dhaonlathach agus an chuntasacht a neartú trí dhlús a chur le scaradh na gcumhachtaí, rochtain ar an gceartas agus an ceart chun triail chóir a fháil do chách, trí chosc a chur ar an tsaoirse ó phionós agus tríd an éilliú a chomhrac.

g) Tacú le hoideachas saoránachta agus le litearthacht sna meáin ar líne, agus iad a chur chun cinn, mar rannchuidiú riachtanach, meántéarmach agus fadtéarmach, le teacht aniar dhaonlathais an lae inniu, agus úsáid na dteicneolaíochtaí ar líne a chur chun cinn d'fhonn an rannpháirtíocht dhaonlathach, an chuntasacht agus an rochtain ar fhaisnéis a neartú.

h) Tacú le tíortha ina gcuid iarrachtaí lena áirithiú gur féidir na rialacha a bhaineann le toghcháin agus leis an daonlathas as líne a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar líne, ag tógáil ar iarrachtaí an Aontais féin sa réimse sin, lena n-áirítear Toghphacáiste an Choimisiúin, agus an Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin, an Plean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise, an Cód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis, mar aon leis an Moladh ó Chomhairle na hEorpa maidir leis na caighdeáin don r-vótáil agus na cleachtais arna bhforbairt faoi shásra mearfhreagartha G7.

i) Cuimsitheacht agus creidiúnacht na bpróiseas toghchánach a chur chun cinn tríd an mbreathnóireacht a dhéanann an tAontas ar thoghcháin, trí thacaíocht a thabhairt do bhreathnóirí toghcháin náisiúnta agus trí na hiarrachtaí comhchoiteanna a neartú a bhfuil gá leo chun tacú leis na moltaí ó mhisin thoghchánacha an Aontais agus ESCE, agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua maidir le breathnóireacht toghcháin, agus trí oibriú i gcomhar leis an bpobal idirnáisiúnta breathnóireachta toghcháin.

j) An dlúthchomhordú le heagraíochtaí iltaobhacha, idirnáisiúnta agus réigiúnacha a neartú a thuilleadh, ag tógáil comhpháirtíochtaí láidre domhanda chun tacú leis an daonlathas agus chun spriocanna SDG 16 a chur chun feidhme.

k) Breis trédhearcachta maidir leis an bpróiseas daonlathach a chur chun cinn, go háirithe i dtaca le feachtais pholaitiúla agus feachtais aon ábhair a bheith á maoiniú ag gníomhaithe éagsúla.

l) A bheith in ann gníomhú go tapa chun freagairt ar aon mheath nó feabhas tobann a thiocfadh gan choinne ar staid dhaonlathach tír ar leith, é sin ar bhealach polaitiúil agus freisin trí chistí a leithdháileadh mar is iomchuí.

m) Cur chuige atá níos solúbtha, níos nuálaí, níos fadtéarmaí agus níos íogaire ó thaobh coinbhleachta de a chur chun cinn chun tacú leis an daonlathas agus, sa chomhthéacs sin, obair na Dearlaice Eorpaí i gcomhair an Daonlathais agus obair eagraíochtaí eile den chineál céanna a spreagadh agus a chothú.

n) An chumarsáid leis an bpobal a neartú agus a chur chun cinn i dtaca le luach an daonlathais mar leas poiblí, idir dhomhanda agus uilíoch.

7. Tá an Chomhairle ag tnúth le tuilleadh díospóireachtaí ar staid an daonlathais ar fud an domhain agus ar ghníomhaíochtaí an Aontais sa réimse sin ar bhonn rialta.